Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Nollaig 2024**
**(OR. en)**

**16065/24**

**SOC 859**
**GENDER 252**
**ECOFIN 1371**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 15104/24 + COR 1 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le cothromaíocht oibre is saoil agus comhionannas inscne a áirithiú do gach glúin i gcomhthéacs na ndúshlán déimeagrafach |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an ábhar thuasluaite a d'fhormheas Comhairle EPSCO ag an gcruinniú a bhí aici an 2 Nollaig 2024[1].

---

[1] Cuireadh mioncheartúcháin eagarthóireachta isteach sa téacs.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le cothromaíocht oibre is saoil agus comhionannas inscne a áirithiú do gach glúin i gcomhthéacs na ndúshlán déimeagrafach**

**AGUS AN MÉID A LEANAS Á AITHINT AICI:**

1. Tá an comhionannas inscne agus cearta an duine i gcroílár luachanna na hEorpa; is prionsabal bunúsach den Aontas Eorpach agus prionsabal a chumhdaítear sna Conarthaí agus i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt') é an comhionannas idir mná agus fir.

2. Luaitear in Airteagal 8 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), go mbeidh sé d'aidhm ag an Aontas, ina ghníomhaíochtaí uile, neamhionannais idir fir agus mná a dhíchur agus comhionannas eatarthu a chur chun cinn.

3. Foráiltear le hAirteagal 153 de CFAE i leith an Aontais 'tacóidh an tAontas le gníomhaíochtaí na mBallstát, ... sna réimsí ... comhionannas idir fir agus mná ar mhargadh an tsaothair agus cóir chomhionann san obair'

4. In Airteagal 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), deirtear faoin Aontas 'Déanfaidh sé an t-eisiamh sóisialta agus an t-idirdhealú a chomhrac agus an ceartas sóisialta agus an chosaint shóisialta, an comhionannas idir mná agus fir, an dlúthpháirtíocht idir na glúnta agus an chosaint ar chearta an linbh a chur chun cinn.'

5. In Airteagal 33 den Chairt dearbhaítear go mbeidh ag an teaghlach cosaint dhlítheanach, eacnamaíoch agus shóisialta. Foráiltear leis freisin 'Chun gur féidir comhréiteach a dhéanamh idir saol an teaghlaigh agus an saol gairmiúil, beidh ag gach duine an ceart chun cosaint a fháil ar dhífhostú ar chúis atá bainteach le máithreachas agus an ceart chun saoire mháithreachais le pá agus chun saoire thuismitheoireachta tar éis breithe nó uchtála linbh.'

6. Déantar prionsabail an chomhionannais inscne agus na cothromaíochta oibre is saoil a aithint i Prionsabail 2 agus 9 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, a d'fhógair Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún an 17 Samhain 2017.

7. Is réamhriachtanas don chobhsaíocht eacnamaíoch, don fhás agus don iomaíochas é rannpháirtíocht na mban in obair ar íocaíocht agus ar ardchaighdeán a mhéadú; dá bhrí sin, ba cheart bearta a dhéanamh chun comhionannas inscne a bhaint amach maidir le deiseanna sa mhargadh saothair agus maidir leis an gcaoi a gcaitear leo ag an obair, go háirithe trí chomhréiteach idir saol na hoibre, saol an teaghlaigh agus an saol príobháideach a éascú do mhná agus fir araon ar feadh an tsaoil ar fad.

8. Tá sé ríthábhachtach rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair a mhéadú chun príomhsprioc 2030 an Aontais a bhaint amach, is é sin ráta fostaíochta 78 % don daonra idir 20 agus 64 bliana d'aois a leagtar amach i bPlean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus a d'fhormhuinigh ceannairí an Aontais ag Cruinniú Mullaigh Sóisialta Porto i mí na Bealtaine 2021. Cuidíonn sé sin le comhionannas inscne a chur chun cinn. Saibhríodh an Plean Gníomhaíochta le fo-sprioc chun an bhearna fostaíochta idir na hinscní a laghdú faoina leath ar a laghad faoi 2030 i gcomparáid le 2019.

9. Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an Straitéis um Chomhionannas Inscne 2020-2025, cuirtear béim air go bhfuil 'feabhas a chur ar chothromaíocht oibre is saoil oibrithe ar cheann de na bealaí chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí inscne i margadh an tsaothair. Ní mór go mbraithfeadh an bheirt tuismitheoirí go bhfuil siad freagrach agus go bhfuil siad i dteideal cúram teaghlaigh a fháil' [aistriúchán neamhoifigiúil]. Cuirtear i bhfios go láidir sa Straitéis freisin gur bunchúis leis an neamhionannas inscne iad steiréitíopaí inscne.

10. De réir na Treorach maidir le Cothromaíocht Oibre is Saoil, 'ba cheart go rannchuideodh beartais maidir le cothromaíocht oibre is saoil le comhionannas inscne a bhaint amach trí rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair a chur chun cinn, trí chomhroinnt chothrom freagrachtaí cúraim idir fir agus mná agus trí bhearnaí idir na hinscní maidir le tuilleamh agus pá a dhúnadh. Leis na beartais sin, ba cheart go ndéanfaí athruithe déimeagrafacha a chur san áireamh, lena n-áirítear na héifeachtaí a bhíonn ag daonra atá ag dul in aois.'

11. Leagtar béim sa Straitéis Eorpach um Chúram ar a thábhachtaí atá sé seirbhísí cúraim ardcháilíochta, inacmhainne agus inrochtana a áirithiú ar fud an Aontais Eorpaigh agus feabhas a chur ar staid na bhfaighteoirí cúraim agus na ndaoine a thugann aire dóibh, go gairmiúil nó go neamhfhoirmiúil. Gabhann dhá Mholadh ón gComhairle leis an Straitéis, moladh maidir le hoideachas agus cúram na luath-óige: spriocanna Barcelona do 2030 agus moladh maidir le rochtain ar chúram fadtéarmach inacmhainne ar ardchaighdeán, lena gcuirtear chun cinn bearta chun feabhas a chur ar chúram inrochtana, inacmhainne agus ar ardchaighdeán do leanaí agus do chleithiúnaithe eile ar feadh an tsaoil. Comhlánaítear a thuilleadh é le Conclúidí ón gComhairle maidir le haistriú córas cúraim ar feadh an tsaoil i dtreo samhlacha tacaíochta iomlánaíocha, duinelárnaithe agus pobalbhunaithe a bhfuil gné na hinscne ag baint leo. Leagtar béim sna Conclúidí sin freisin ar a thábhachtaí atá sé maireachtáil neamhspleách a éascú.

12. Is é is aidhm do Threoir (AE) 2019/1152 maidir le dálaí oibre trédhearcacha agus intuartha san Aontas Eorpach, *inter alia*, feabhas a chur ar dhálaí oibre do gach oibrí, go háirithe iad siúd atá i bhfostaíocht nua agus neamhchaighdeánach, agus raon feidhme maidir le hinoiriúnaitheacht agus nuálaíocht sa mhargadh saothair á gcaomhnú ag an am céanna.

13. Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal ‘An t-athrú déimeagrafach san Eoraip: bosca uirlisí le haghaidh gníomhaíochta’ deirtear ‘ba cheart tacú le gach duine ionas go mbeidh siad ábalta gairm bheatha agus teaghlach araon a roghnú. Is rogha phearsanta í an rogha chun leanaí a bheith agat. D’fhéadfadh sé go ndéanfaí na roghanna sin a mhúnlú le cáilíocht saoil, infhaighteacht cúraim agus tithíochta, chomh maith le deiseanna oibre agus ioncam leordhóthanach. Tá méadú ag teacht ar an treocht i measc daoine óga an cinneadh clann a bheith acu a chur siar nó teorainn a chur le méid na clainne.’ ‘Áirítear ar na príomhghnéithe lena mínítear an bhearna idir méid iarbhír agus méid inmhianaithe clainne an deacracht atá ann réiteach a dhéanamh idir freagrachtaí oibre agus cúraim agus neamhionannas inscne leanúnach, chomh maith le neamhshlándáil eacnamaíoch agus shóisialta a bhaineann le hionchais fostaíochta, leis an gcostas maireachtála agus le tithíocht.’. Cuirtear i dtábhacht sa Teachtaireacht nach mór comhionannas inscne, neamh-idirdhealú, urraim do dhlúthpháirtíocht agus cothroime idir na glúine a bheith i gcroílár na roghanna beartais.

14. Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) dar teideal 'Cothromaíocht oibre is saoil atá bunaithe ar riachtanais a áirithiú do chách: conas is féidir le dálaí oibre solúbtha leordhóthanacha tacú leis an dlúthpháirtíocht idir na glúine agus le cumhachtú na mban', leagtar béim ar réitigh maidir le cothromaíocht oibre is saoil atá bunaithe ar riachtanais maidir le socruithe solúbtha oibre chomh maith le seirbhísí cúraim inacmhainne, atá ar fáil, atá inrochtana agus ar ardchaighdeán a théann chun tairbhe do na páirtithe leasmhara uile. Moltar sa tuairim Bosca Uirlisí Cúraim a fhorbairt ina mbeadh táscairí agus spriocanna don chúram fadtéarmach. Ina theannta sin, leagtar béim ann ar a thábhachtaí atá sé scrúdú a dhéanamh ar staid na mbeartas maidir le cothromaíocht oibre is saoil i gcuideachtaí an Aontais, mar 'maidir leis an tacaíocht a thugann siad dá gcuid oibrithe cothromaíocht a aimsiú ina gcuid freagrachtaí teaghlaigh, go mbíonn de thoradh ar an tacaíocht sin go bhfeabhsaítear an táirgiúlacht agus go gcoinnítear na fostaithe agus, anuas air sin, go gcuirtear le feidhmíocht fhoriomlán an ghnólachta freisin.'.

15. Sa tuairim ó Choiste na Réigiún maidir le Bosca Uirlisí Déimeagrafach an Choimisiúin, tarraingítear aird ar a thábhachtaí atá cothromaíocht oibre is saoil agus dlúthpháirtíocht idir na glúine mar phríomhréitigh ar dhúshláin dhéimeagrafacha na hEorpa. Cuireann sí i bhfios go láidir go bhfuil sé ríthábhachtach feabhas a chur ar an gcothromaíocht oibre is saoil trí bheartais ar nós oideachas agus cúram luath-óige inacmhainne agus dálaí oibre solúbtha chun tacú le teaghlaigh agus chun cur ar chumas na bhfear agus na mban araon páirt iomlán a ghlacadh sa lucht saothair. Leagtar béim freisin ar an gcomhar idir na glúine, agus béim á leagan ar aosú gníomhach agus aistriú scileanna idir glúine a chothú, lena n-áiritheofar gur féidir le daoine de gach aois saol sásúil neamhspleách a chaitheamh agus rannchuidiú leis an tsochaí ag an am céanna.

16. Sna Conclúidí uaithi maidir le Dúshláin Dhéimeagrafacha – an Bealach Chun Cinn, chuir an Chomhairle i bhfios go láidir nach mór do bheartais dhéimeagrafacha éifeachtacha a bheith iontaofa agus marthanach. Is féidir le hinfheistíocht in oideachas agus cúram luath-óige atá inacmhainne agus ar ardchaighdeán rannchuidiú le hathnuachan dhéimeagrafach, a bheith chun leasa do leanaí atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch, agus lucht saothair níos athléimní a chruthú amach anseo agus torthaí sóisialta a fheabhsú ag an am céanna.

17. Mar a luaitear sa doiciméid oibre ón gCoimisiún dar teideal '*The impact of demographic change – in a changing environment*' [Tionchar an athraithe dhéimeagrafaigh – i dtimpeallacht atá ag athrú], chun 'rathúnas agus dea-bhail a áirithiú san Aontas amach anseo, tá sé ríthábhachtach aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as an aistriú déimeagrafach. Áirítear ar na dúshláin sin daonra atá ag dul in aois, laghdú ar an daonra in aois oibre agus laghdú ar an daonra i gcoitinne, chomh maith le héagothromaíochtaí réigiúnacha atá ag dul i méid, lena n-áirítear deighilt mhéadaitheach idir ceantair uirbeacha agus thuaithe'[aistriúchán neamhoifigiúil].

18. Sna Conclúidí uaithi maidir leis an athrú déimeagrafach a bhainistiú san Eoraip, ba dhíol sásaimh don Chomhairle an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Bosca Uirlisí Déimeagrafach, lena n-áirítear an anailís inti ar an athrú déimeagrafach agus an iarraidh go nglacfaí cur chuige cuimsitheach i leith an t-athrú déimeagrafach a bhainistiú. Leag sí béim freisin ar a riachtanaí atá sé go ngníomhófaí a thuilleadh chun an t-athrú déimeagrafach san Eoraip a bhainistiú trí iarrachtaí leanúnacha a dhéanamh chun an t-athrú déimeagrafach agus a thionchar ar an iomaíochas, ar an gcaipiteal daonna agus ar an gcomhionannas a léiriú'.

**I bhFIANAISE AN MHÉID SEO A LEANAS:**

19. Tá dul chun cinn mór déanta ag an Aontas ó thaobh feabhas a chur ar an gcomhréiteach idir an saol oibre, saol an teaghlaigh agus an saol príobháideach. Mar sin féin, bíonn deacrachtaí fós go háirithe ag tuismitheoirí a bhfuil leanaí óga acu obair a chomhréiteach le freagrachtaí cúraim leanaí. Mar gheall ar steiréitíopaí inscne atá ann i gcónaí agus córais tacaíochta a bhíonn easnamhach go minic, bíonn dúshláin thromchúiseacha roimh thuismitheoirí go minic, go háirithe máithreacha, ag iarraidh cothromaíocht a bhaint amach idir saol an tuismitheora agus gairm oibre. Cé go mbaineann líon níos mó aithreacha tairbhe as bearta ar nós saoire atharthachta agus saoire do thuismitheoirí, titeann sciar díréireach den obair chúraim gan íocaíocht agus obair tí araon ar na mná, rud a fhágann go mbíonn ualach iolrach orthu agus iad ag filleadh ar an margadh saothair tar éis breith clainne. Ní chuireann fir a gcuid ama oibre ar íocaíocht in oiriúint d'fhreagrachtaí cúraim a mhéid céanna le mná. Bíonn tionchar diúltach ag an mbearna chúraim idir na hinscní ar rátaí fostaíochta na mban agus ar ghairmeacha na mban, as a dtagann bearnaí eile idir na hinscní, lena n-áirítear an bearna phá idir na hinscní agus baol níos airde bochtaineachta i gcás na mban.

20. Bealach amháin chun rátaí fostaíochta níos airde a éascú i measc príomhchúramóirí, ar mná iad den chuid is mó, is ea trí bheartais lena ndéantar rochtain ar shocruithe solúbtha oibre a ráthú nó lena dtacaítear leis an rochtain sin. Is é is aidhm don Treoir maidir le Cothromaíocht Oibre is Saoil comhréiteach idir saol na hoibre agus saol an teaghlaigh a éascú d'oibrithe ar tuismitheoirí nó cúramóirí iad. Tugtar léi an ceart do thuismitheoirí agus do chúramóirí socruithe solúbtha oibre a iarraidh. D'fhéadfadh fostaíocht pháirtaimseartha, uaireanta solúbtha agus cianobair a bheith i gceist ach d'fhéadfadh laghdú ar uaireanta oibre a bheith i gceist freisin. Mar sin féin, tá sé ríthábhachtach a áirithiú nach mbeidh iarmhairtí díobhálacha ag úsáid na socruithe sin ar dhul chun cinn gairme na bhfostaithe, ar éabhlóid a dtuarastail, ar a n-ioncam, ar a neamhthuilleamaíocht eacnamaíoch, ar a n-amanna oibre ná ar a gcearta pinsin. D'fhéadfadh sé sin mná a chur faoi mhíbhuntáiste ar leith má shocraíonn siad leas a bhaint as socruithe oibre solúbtha níos minice ná fir. Na cearta a chruthaítear leis an Treoir, tá siad ríthábhachtach chun comhroinnt níos cothroime freagrachtaí cúraim a bhaint amach idir mná agus fir agus chun rannpháirtíocht na mban i margadh an tsaothair a mhéadú. Faoi na rialacha is infheidhme, áfach, is ag tuismitheoirí nó cúramóirí, agus acu siúd amháin, atá an ceart socruithe solúbtha oibre a iarraidh agus ní ag an bhfostóir.

21. Cé go bhfuil sé i gceist le socruithe solúbtha oibre cothromaíocht oibre is saoil a chur chun cinn, is féidir leo steiréitíopaí inscne agus noirm sheanbhunaithe inscne a threisiú freisin, mar is minic a ghlacann mná formhór na bhfreagrachtaí cúraim orthu féin. San Aontas Eorpach, oibríonn 29.1 % d'fhostaithe mná go páirtaimseartha, i gcomparáid le 9.2 % d'fhostaithe fir. Thairis sin, tá difríochtaí suntasacha idir na Ballstáit, ní hamháin i dtéarmaí chion na mban agus na bhfear atá ag obair go páirtaimseartha, ach i dtéarmaí na gcúiseanna atá acu leis sin freisin, agus maidir leis an bhféidearthacht atá ag oibrithe a n-uaireanta oibre a shocrú más mian leo.

22. Os rud é go bhfuil difríochtaí móra fós idir mná agus fir ó thaobh a rannpháirtíochta sa mhargadh saothair, a bpá, a n-amanna oibre, agus a ndul chun cinn gairme, tar éis breith linbh, de bharr *inter alia* steiréitíopaí inscne agus róil seanbhunaithe inscne, is féidir le beartais a chuireann chun cinn dáileadh cothrom oibre ar íocaíocht agus oibre cúraim gan íocaíocht a bheith riachtanach chun go mbeadh baint ag fir le freagrachtaí cúraim. Cabhraíonn saoire aonair agus saoire neamh-inaistrithe do thuismitheoirí a íoctar go leordhóthanach, chomh maith le cosaint ar dhífhostú agus cosaint ar idirdhealú i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais, le tuismitheoirí nua, go háirithe máithreacha, filleadh ar an obair. Is féidir le beartais mar sin cabhrú le hualach an chúraim idir tuismitheoirí a athchothromú, cothromaíocht oibre is saoil níos fearr a chruthú do mhná agus fir araon agus an ráta fostaíochta i measc na mban a mhéadú. Is féidir dul chun cinn gairme na mban a éascú le beartais mar sin freisin ó thaobh pá de agus poist chinnteoireachta a fháil agus, ar an gcaoi sin, an comhionannas inscne a spreagadh.

23. Is saothar fadtéarmach é leanaí a thógáil agus, chun go n-éireoidh le beartais dhéimeagrafacha, ní mór na beartais sin a bheith iontaofa agus seasmhach. Is féidir le hinfheistíocht in oideachas agus cúram luathóige atá inacmhainne agus ar ardchaighdeán rannchuidiú le hathnuachan dhéimeagrafach agus mórthorthaí dearfacha a bheith aici, go háirithe le haghaidh leanaí atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch agus, ar an mbealach sin, is féidir leis an infheistíocht sin cabhrú leis an lucht saothair amach anseo a dhéanamh níos athléimní in aghaidh dúshláin dhéimeagrafacha, agus cuidiú chomh maith le torthaí sóisialta níos fearr a bhaint amach ar feadh an tsaoil.

24. San Aontas, tá thart ar 7.8 milliún tuismitheoir ina gcónaí ina n-aonar lena leanbh cleithiúnach nó lena leanaí cleithiúnacha, agus is máithreacha singile iad 80 % díobh[2]. Tá gá ag tuismitheoirí atá ina gcónaí ina n-aonar le córais tacaíochta lena soláthraítear solúbthacht, ar a n-áirítear seirbhísí sa láthair oibre agus oideachas luathóige agus seirbhísí cúraim atá curtha in oiriúint d'uaireanta oibre tuismitheoirí, chun gur féidir leo páirt a ghlacadh i margadh an tsaothair[3].

---

**2** Sonraí ón Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne bunaithe ar mhicreashonraí EU-SILC ó 2022.

3 Ibid.

25. San Aontas, is ar mhná a thiteann sciar i bhfad níos mó de fhreagrachtaí cúraim; tuairiscíonn 25 % díobh go bhfuil freagrachtaí cúraim ar cheann de na cúiseanna nach nglacann siad páirt sa mhargadh saothair nó go n-oibríonn siad go páirtaimseartha, i gcomparáid le 5.1 % d'fhir[4]. Mar a léirítear i suirbhé ón Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE), caitheann thart ar 56 % de mhná a bhfuil leanaí faoi bhun 12 bhliain acu ar a laghad 5 uair an chloig in aghaidh an lae ar chúram leanaí, i gcomparáid le 26 % d'fhir.[5] Meastar go gcosnaíonn an éagothroime sin EUR 242 bhilliún in aghaidh na bliana[6]. Dá bhrí sin, tá rochtain ar sheirbhísí foirmiúla cúraim atá inrochtana, inacmhainne agus ar ardchaighdeán ríthábhachtach chun ualach an chúraim neamhfhoirmiúil ar mhná a laghdú agus chun comhionannas inscne a chur chun cinn, ós rud é, i gcás mná a bhfuil páistí óga acu agus a úsáideann seirbhísí oideachais agus cúraim luath-óige, gur dóchúla go mbeidh siad fostaithe agus nach mbeidh siad chomh rannpháirteach céanna i gcúram leanaí, cúram atá dian ar am. Tá gníomhaíochtaí cúraim ríthábhachtach de dhea-bhail chomhchoiteann na sochaithe. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach go mbeadh meas ag an tsochaí ar bhaill foirne in earnáil an chúraim agus go gcuirfí ionchais ghairme agus deiseanna oiliúna leordhóthanacha ar fáil dóibh. Dúshlán tábhachtach eile is ea leibhéil leordhóthanacha foirne a áirithiú. Ina theannta sin, dúshlán mór sóisialta is ea é go gcaithfidh mná cúram a thabhairt do sheandaoine agus daoine fásta cleithiúnacha, a bhfuil tacaíocht fhadtéarmach de dhíth orthu ar feadh an tsaoil, mná nach mór dóibh go minic cothromaíocht idir obair agus freagrachtaí cúraim a aimsiú, rud a chuireann teorainn lena n-acmhainneacht i margadh an tsaothair i gcomhthéacs aosú an daonra. Mná agus fir araon a chuireann cúram agus tacaíocht fhadtéarmach neamhfhoirmiúil ar fáil, is iomaí dúshlán atá rompu maidir le saol na hoibre, saol an teaghlaigh agus an saol príobháideach a thabhairt le chéile.

---

4 Eurostat: *Main reason for part-time employment - Distributions by sex and age (%)* [An phríomhchúis le fostaíocht pháirtaimseartha – Dáileadh de réir inscne agus aoise (%), 2022].

5 An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne *A Better Work–Life Balance: Bridging the gender care gap* [Cothromaíocht oibre is saoil níos fearr: dul i ngleic leis an mbearna chúraim idir na hinscní], 2023, https://eige.europa.eu/publications-resources/publications/better-work-life-balance-bridging-gender-care-gap?language_content_entity=en balance-bridging-gender-care-gap?language_content_entity=en

6 https://www.eesc.europa.eu/ga/our-work/opinions-information-reports/opinions/european-care-strategy care-strategy

26. Is mó seans go n-oibreoidh mná go páirtaimseartha, go nglacfaidh siad níos mó saoire thuismitheoireachta, agus go mbeidh siad as láthair ón obair chun aire a thabhairt do bhaill teaghlaigh bhreoite, agus is dóichí freisin go ndéanfaidh siad níos mó obair chúraim gan phá agus níos mó obair tí ná fir. Thairis sin, caitheann mná níos mó ama ar chúram leanaí, cúram neamhfhoirmiúil agus cúraimí an tí, agus díríonn fir níos mó ar ghníomhaíochtaí foghlama agus fóillíochta le leanaí. Léiríonn agus athneartaíonn sé sin steiréitíopaí inscne agus buanaíonn siad neamhionannas idir mná agus fir san ionad oibre agus sa bhaile araon. Dá bhrí sin, tá gá le beartais spriocdhírithe maidir le cothromaíocht oibre is saoil chun rannpháirtíocht chomhionann na bhfear i gcúram a chur chun cinn, chun na bearnaí inscne a dhúnadh agus chun steiréitíopaí inscne a chomhrac.

27. Le saoire atharthachta agus saoire thuismitheoireachta neamh-inaistrithe, solúbthacht mhéadaithe agus rátaí athsholáthair ioncaim arda le linn na saoire sin, spreagtar aithreacha agus glactar níos mó saoire mar thoradh orthu. Nuair a ghlacann aithreacha saoire atharthachta agus saoire thuismitheoireachta go luath, rannchuidíonn sé le comhroinnt chothrom na ndualgas cúraim agus tí i gcoitinne, lena n-áirítear san fhadtéarma.

28. Tagraíonn 'glúin an dá chúram' do dhaoine aonair**,** mná den chuid is mó, a thugann aire ag an am céanna do leanaí, daoine fásta cleithiúnacha agus gaolta atá ag dul in aois a bhfuil riachtanais chúraim acu, rud a éilíonn bearta tacaíochta éagsúla. Chomh maith le feabhas a chur ar na beartais agus ar na hacmhainní atá ann cheana, is gá iarracht a dhéanamh an athuair chun feabhas a chur ar sholáthar foirmiúil oideachais agus cúraim luath-óige agus cúraim fhadtéarmaigh atá inrochtana, inacmhainne agus ar ardchaighdeán agus atá comhoiriúnach le fostaíocht lánaimseartha. Tuairiscíonn Eurostat go soláthraíonn 50 % de mhná agus 45.9 % d'fhir idir 16-74 bliana d'aois cúram leanaí agus cúram fadtéarmach neamhfhoirmiúil. Thairis sin, is féidir tionchar diúltach a bheith ag soláthar neamhfhoirmiúil cúraim ar shláinte agus dea-bhail fhisiciúil agus mheabhrach cúramóirí, go háirithe sláinte agus dea-bhail na mban, arb iad is minice a bhíonn rannpháirteach i gcúram teaghlaigh[7]. Is féidir leis an dlúthpháirtíocht idir na glúine ar bhonn deonach an comhionannas inscne a chomhlánú agus cuidiú an comhionannas inscne a chur chun cinn, ar choinníoll go ndéantar iarracht a áirithiú go gcomhroinnfear obair neamhfhoirmiúil chúraim go cothrom**,** saor ó steiréitíopaí inscne agus nach gcuirfear an t-ualach sin ar mhná agus cailíní den chuid is mó.

---

[7] An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne *A Better Work–Life Balance: Bridging the gender care gap* [Cothromaíocht oibre is saoil níos fearr: dul i ngleic leis an mbearna chúraim idir na hinscní]. https://eige.europa.eu/publications-resources/publications/better-work-life-balance-bridging-gender-care-gap?language_content_entity=en balance-bridging-gender-care-gap?language_content_entity=en

29. Is féidir le comhar agus dlúthpháirtíocht idir na glúine dul chun tairbhe do gach glúin. Is féidir le caidrimh idir na glúine daoine fásta níos sine a spreagadh agus fuinneamh a chur iontu chomh maith le cuidiú an dóchúlacht a laghdú go mbeidh dúlagar agus uaigneas ann. Is féidir leis na caidrimh seo tacú le spreagadh cognaíoch agus deis a thabhairt do dhaoine fásta níos sine scileanna nua a fháil. Ar an taobh eile, d’fhéadfadh costais thromchúiseacha fhisiceacha, mheabhracha agus airgeadais a bheith ag baint le cúram neamhfhoirmiúil, arna dhéanamh ag mná den chuid is mó, lena n-áirítear deiseanna fostaíochta laghdaithe agus pinsin níos ísle. Thairis sin, cé gur féidir le comhar idir na glúine tacaíocht luachmhar a chur ar fáil, ba cheart é sin a bheith bunaithe ar rannpháirtíocht dheonach, in éineacht le seirbhísí láidre cúraim phoiblí agus córais láidre cosanta sóisialta, ina bhfuil gné na hinscne ann, agus tá infheistíocht ó rialtais ríthábhachtach chun a áirithiú go bhfreastalófar go leordhóthanach ar riachtanais na nglún óga agus na nglún níos sine araon. Ní mór dreasachtaí eacnamaíocha a bheith ag gabháil leis na prionsabail agus na beartais sin freisin chun go bhféadfaí páirt a ghlacadh i margadh an tsaothair.

30. Tá seirbhísí foirmiúla oideachais agus cúraim luath-óige agus seirbhísí eile cúraim agus tacaíochta a chuireann an stát leasa ar fáil fíorthábhachtach. Mar sin féin, nuair is féidir, féadfaidh na glúine níos sine a chinneadh freisin ról tábhachtach a bheith acu maidir le tacú le tuismitheoirí a bhfuil leanaí óga acu saol na hoibre, saol an teaghlaigh agus leis an saol príobháideach a thabhairt le chéile, tuismitheoirí ar mian leo dul isteach i margadh an tsaothair arís, go háirithe mná. Ina theannta sin, is féidir le daoine fásta óga rogha a dhéanamh tacú lena dtuismitheoirí agus lena seantuismitheoirí atá i ngátar i seanaois. D’fhéadfadh sé go roghnódh baill níos sine den teaghlach nó den phobal ról an mheantóra a ghlacadh, eolas agus scileanna a chomhroinnt, agus caidrimh theaghlaigh a chomhlánú nó tacaíocht a sholáthar i gcás ina bhfuil naisc theaghlaigh leochaileacha ann.

31. De réir mar a leanann an t-ionchas saoil de bheith ag méadú ar fud na hEorpa, beidh gá le coigeartuithe a dhéanamh ar leordhóthanacht chórais phinsin agus leasa na mBallstát amach anseo, mar shampla, saol oibre níos faide do mhná agus fir araon.

32. Cé go bhféadfadh cabhair na nglún níos sine chun tacú le saol na hoibre, saol an teaghlaigh agus an saol príobháideach a thabhairt le chéile ar bhealach níos fearr a bheith tairbheach do gach páirtí, tá sé tábhachtach a áirithiú nach mbeidh drochthionchar aige ar ioncam bhaill na nglún níos sine lena mbaineann, ar a staid i margadh an tsaothair ná ar a ndea-bhail fhisiciúil agus mheabhrach.

33. Ar fud na hEorpa, tá go leor daoine óga, go háirithe cailíní óga, ag rannchuidiú freisin le cúram a thabhairt, ag cur tacaíocht mhothúchánach nó phraiticiúil ar fáil do bhaill teaghlaigh atá níos sine, nó a bhfuil riachtanais chúraim acu nó atá faoi mhíchumas nó a bhfuil tinneas ainsealach orthu. Is féidir le daoine óga a chuireann cúram ar fáil mothú láidir féinmhuiníne agus féinmheas, ionbhá agus aibíocht fheabhsaithe a fhorbairt. Cé gur féidir le buntáistí frithpháirteacha a bheith ag baint le hidirghníomhaíochtaí mar sin, is féidir rioscaí a bheith ag baint le cúram a thabhairt ó aois óg freisin, toisc gur gnách níos mó deacrachtaí meabhairshláinte a bheith ag daoine óga a bhfuil baill teaghlaigh acu a dteastaíonn cúram uathu, chomh maith le tearcfheidhmiú ar scoil, agus torthaí níos díobhálaí a mbíonn éifeachtaí fadtéarmacha acu ar ioncam na ndaoine óga sin agus ar a gcuimsiú sa tsochaí.

34. Cuireann an tacar conclúidí seo leis an obair a rinneadh cheana agus leis na gealltanais pholaitiúla ón gComhairle, ón gCoimisiún agus ó Pharlaimint na hEorpa agus ó pháirtithe leasmhara ábhartha sa réimse sin, lena n-áirítear sna doiciméid a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo.

**DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID A LEANAS**

**IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT, I gCOMHRÉIR LENA nINNIÚLACHTAÍ, AGUS URRAIM Á TABHAIRT DO RÓL AGUS DO NEAMHSPLEÁCHAS NA gCOMHPHÁIRTITHE SÓISIALTA AGUS AG CUR IMTHOSCA NÁISIÚNTA SAN ÁIREAMH, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:**

35. DLÚS A CHUR LE hiarrachtaí na bhfostóirí agus na gcomhpháirtithe sóisialta beartais a fhorbairt, a neartú agus a chur chun feidhme lena n-áiritheofar cothromaíocht oibre is saoil do mhná agus fir araon dá éagsúla iad lena chéile, beartais mheabhairshláinte arb é is aidhm dóibh cur le dea-bhail oibrithe, chomh maith le beartais a thacaíonn le teaghlaigh san ionad oibre a bhfuil gné na hinscne ag baint leo, lena n-áirítear beartais a thacaíonn le cothú cíche, agus faisnéis spriocdhírithe d'aithreacha, a chomhlíonann riachtanais agus ionchais na dtuismitheoirí agus lenar féidir freastal ar riachtanais mhothúchánacha, shíceolaíocha agus fhisiceacha leanaí freisin.

36. Seirbhísí oideachais agus cúraim luath-óige inacmhainne, inrochtana agus ar ardchaighdeán A ÁIRITHIÚ do leanaí, daoine faoi mhíchumas, daoine scothaosta agus daoine eile atá i ngátar, lena n-áirítear cúram sa bhaile agus cúram pobalbhunaithe a thacaíonn le maireachtáil neamhspleách, i gcomhréir leis na moltaí ábhartha ón gComhairle.

37. Beartais oideachais agus cúraim luath-óige A SHAOTHRÚ i gcomhréir le Moladh ón gComhairle maidir le hoideachas agus cúram na luath-óige: spriocanna Barcelona do 2030. Tá sé ríthábhachtach bearta um shaoire thuismitheoireachta agus seirbhísí oideachais agus cúraim luath-óige a fheabhsú, chomh maith le tacaíocht a thabhairt do theaghlaigh aontuismitheora, *inter alia* trí chúnamh airgeadais mar shampla.

38. DLÚS A CHUR LE cur chun feidhme na Ráthaíochta Eorpaí do Leanaí, go háirithe a mhéid a bhaineann le rochtain éifeachtach agus saor in aisce ar oideachas agus cúram luath-óige a sholáthar do leanaí atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta.

39. FEASACHT A ARDÚ i measc fostóirí, agus TACÚ LEO, maidir le cur i bhfeidhm nósanna imeachta oibre atá oiriúnaithe do riachtanais oibrithe aonair, teilea-obair mar shampla, agus socruithe solúbtha oibre, lena n-áirítear seachtainí oibre comhbhrúite nó uaireanta laghdaithe, chomh maith le saoirí faoi leith agus cosaint ghaolmhar a chur ar fáil, agus maidir le tionscnaimh eile, d'fhonn feabhas a chur ar an gcothromaíocht oibre agus saoil do chách, go háirithe dóibh siúd a bhfuil leanaí óga acu agus a bhfuil freagrachtaí cúraim eile orthu. A CHUR SAN ÁIREAMH riachtanais na n-oibrithe faoi mhíchumas sa chomhthéacs sin. Thairis sin, tá sé tábhachtach an easpa cothromaíochta idir an saol oibre, saol an teaghlaigh agus an saol príobháideach a aithint mar riosca don tsláinte cheirde agus bearta coisctheacha a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar an riosca sin.

40. FEASACHT A ARDÚ go bhféadfadh tacaíocht a bheith de dhíth ar gach tuismitheoir, agus go háirithe máithreacha, chun a gcothromaíocht oibre is saoil a fheabhsú, agus gur féidir le fostóirí ról dearfach a imirt trí fhreastal go gníomhach ar riachtanais aonair gach tuismitheora agus cúramóra eile ina lucht saothair.

41. trasuí agus cur chun feidhme tráthúil agus ceart reachtaíocht an Aontais A ÁIRITHIÚ maidir le comhionannas deiseanna agus maidir leis an gcaoi a gcaitear leo ag an obair a mhéid a bhaineann le cúrsaí fostaíochta agus le slí bheatha, agus maidir le cothromaíocht oibre is saoil do thuismitheoirí agus do chúramóirí, agus dáileadh éagothrom na hoibre cúraim gan íocaíocht a mbíonn mná thíos leis á chur san áireamh.

42. BEARTA A DHÉANAMH chun feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí oideachais agus cúraim luath-óige atá cuimsitheach, inrochtana, solúbtha, inacmhainne agus ar ardchaighdeán do leanaí agus do chleithiúnaithe eile ar feadh an tsaoil, chun tacú le tuismitheoirí a bhfuil freagrachtaí cúraim orthu, agus béim láidir á háirithiú ag an am céanna ar thorthaí dearfacha do leanaí agus faighteoirí cúraim. FEASACHT A MHÚSCAILT maidir le tábhacht agus luach sóisialta agus eacnamaíoch na oibre cúraim, ar obair í atá ríthábhachtach do dhea-bhail chomhchoiteann na sochaithe. FEABHAS A CHUR ar dhálaí oibre d'oibrithe san earnáil sin chun a áirithiú go mbeidh seirbhísí leordhóthanacha ar fáil.

43. Idirdhealú agus frithbheart A CHOSC AGUS A CHOMHRAC GO hÉIFEACHTACH i gcás toirchis nó tuismíochta chomh maith le saoire a bhaineann le cúram a ghlacadh nó a iarraidh, mar shampla saoire mháithreachais, saoire atharthachta agus cineálacha éagsúla saoire do thuismitheoirí, nó saoire cúramóra agus socruithe solúbtha oibre a iarraidh trí chomhlíonadh reachtaíocht an Aontais a áirithiú.

44. Tionscnaimh múscailte feasachta A CHUR CHUN CINN, go háirithe san oideachas agus san oiliúint, agus béim á leagan ar na buntáistí a bhaineann le comhroinnt chothrom na bhfreagrachtaí cúraim agus teaghlaigh idir mná agus fir, lena n-áirítear d'fhonn steiréitíopaí inscne a chomhrac.

45. BREATHNÚ ar bheartais agus ar bhearta chun ionchais fostaíochta a fheabhsú do chúramóirí neamhfhoirmiúla, agus béim ar leith á leagan ar mhná os cionn 50 bliain d'aois a bhfuil rátaí ísle fostaíochta acu. D'fhéadfadh sé a bheith i gceist leis na bearta sin, inter alia, oiliúint, comhairleoireacht agus tacaíocht shíceolaíoch a chur ar fáil, chomh maith le hinfhaighteacht seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh ar ardchaighdeán a mhéadú.

46. OIBRIÚ LE CHÉILE, i gcás inarb iomchuí, le fostóirí agus le hionadaithe oibrithe maidir le feasacht a mhúscailt agus oiliúint a chur ar fáil do bhainisteoirí agus don fhoireann maidir leis na tairbhí eacnamaíocha agus sóisialta a bhaineann le fostaithe a choinneáil, agus maidir le ról na mbeartas lena n-áirithítear cothromaíocht oibre is saoil do thuismitheoirí agus do chúramóirí sa chomhthéacs sin, agus béim á leagan ar a thábhachtaí atá sé gné na hinscne a ghlacadh agus claontachtaí inscne a sheachaint, lena n-áirítear d'fhonn tallann na mban a choinneáil.

47. Úsáid na cómhargála agus an idirphlé shóisialta A CHUR CHUN CINN i gcomhthéacs beartais maidir le cothromaíocht oibre is saoil a cheapadh agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear socruithe solúbtha oibre, chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais na dtuismitheoirí agus na gcúramóirí.

48. FEASACHT A MHÚSCAILT maidir le steiréitíopaí agus claontachtaí inscne, ag tosú ó aois óg, go háirithe san oideachas agus san fhostaíocht agus sa tsochaí i gcoitinne, lena n-áirítear chun rannpháirtíocht chomhionann na bhfear a chothú in obair tí, i gcúram neamhfhoirmiúil agus i gcúram a thabhairt dá leanaí agus dá gcleithiúnaithe eile, lena n-áirítear trí shaoire do thuismitheoirí, saoire atharthachta agus saoire cúramóra a úsáid, agus na steiréitíopaí agus claontachtaí inscne sin A CHOMHRAC. FEASACHT A MHÚSCAILT ar fud na sochaí faoin tábhacht a bhaineann le rannchuidiú gníomhach agus comhionann na bhfear i ndáil leis sin. Rannpháirtíocht na bhfear agus na mbuachaillí A CHOTHÚ mar ghníomhairí don athrú agus mar thairbhithe an athraithe agus comhionannas inscne a bhaint amach maidir le hobair chúraim ar íocaíocht agus gan íocaíocht. A AIRITHIÚ go bhfuil rochtain éasca ar fhaisnéis faoi infhaighteacht na rialacha agus na dteidlíochtaí dlíthiúla maidir le sochair thuismitheora agus faoi na rialacha agus na dteidlíochtaí dlíthiúla sin.

49. Cur chuige atá bunaithe ar chearta A CHUR CHUN CINN chun tacú le daoine aonair, go háirithe mná agus cailíní, atá ag tógáil leanaí agus ag tabhairt aire freisin do bhaill teaghlaigh níos sine nó do ghaolta atá faoi mhíchumas nó a bhfuil breoiteachtaí tromchúiseacha orthu. Chun go mbeidh siad in ann an saol oibre, saol an teaghlaigh agus an saol príobháideach a thabhairt chun réitigh, agus chun a roghanna féin a dhéanamh sa chomhthéacs sin, teastaíonn tacaíocht ar leith ó na cúramóirí neamhfhoirmiúla sin, mar shampla bearta maidir le cothromaíocht oibre is saoil, cúram faoisimh, oiliúint, bearta sláinte agus sábháilteachta, comhairleoireacht, cúram sláinte agus tacaíocht shíceolaíoch chomh maith le tacaíocht airgeadais.

50. AIRD AR LEITH A THABHAIRT ar riachtanais na ndaoine agus na dteaghlach ar leochaileach a gcás, agus soláthar dreasachtaí dóibh A NEARTÚ, chun gur fusa a bheidh sé saol na hoibre, saol an teaghlaigh agus an saol príobháideach a thabhairt chun réitigh ar bhealach níos fearr. Tacaíocht bhreise A CHUR AR FÁIL do thuismitheoirí faoi mhíchumas agus do thuismitheoirí leanaí faoi mhíchumas nó leanaí breoite, agus a riachtanais shonracha ó thaobh seirbhísí tacaíochta, lena n-áirítear cúnamh pearsanta, agus cúram sláinte á gcur san áireamh. MACHNAMH A DHÉANAMH ar chás na dteaghlach aontuismitheora agus beartais á gceapadh chun tacú le tuismitheoirí.

51. Dlúthpháirtíocht idir na glúine A CHOTHÚ trí bheartais agus bearta a éascú lena gcuirtear gníomhaíochtaí agus comhar idir na glúine ar fáil, agus béim ar leith á leagan ar thacaíocht fhrithpháirteach, lena n-áirithítear cothromaíocht oibre is saoil agus pobal tacaíochta do gach duine aonair. FEASACHT A MHÚSCAILT, nuair is cuí, faoin luach sóisialta a bhaineann le cúram a thabhairt do dhaoine scothaosta, lena n-áirítear an cúram a sholáthraíonn daoine atá gar don duine a bhfuil cúram de dhíth air nó uirthi.

52. TACÚ leis na húdaráis áitiúla chun daoine óga agus daoine scothaosta a nascadh le chéile trí thionscnaimh ar nós spásanna ilghlúine, agus trí scéimeanna saorálaíochta agus trí dheachleachtas a chomhroinnt i réimse na mbeartas atá fabhrach do theaghlaigh agus atá cuimsitheach, agus trí idirphlé agus dlúthpháirtíocht idir na glúine a chur chun cinn.

53. Deiseanna A THABHAIRT do dhaoine scothaosta páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí atá ailínithe lena gcuid dtaithí agus lena gcuid eolais, agus ar an gcaoi sin leas a bhaint as a n-acmhainneacht agus iad a spreagadh chun ról táirgiúil a choinneáil sa tsochaí agus ina ngarphobal. TACÚ leis na hiarrachtaí chun aosú gníomhach folláin a chur chun cinn, agus ar gcaoi sin an bonn a leagan síos do shaol oibre níos faide agus níos inbhuanaithe i gcomhthéacs na ndúshlán déimeagrafach. Cur chuige bunaithe ar chearta agus peirspictíocht conaire saoil A CHUR CHUN CINN maidir le haosú, agus aghaidh á tabhairt ag an am céanna ar riachtanais agus acmhainneacht éagsúil gach duine sa tsochaí.

54. Cláir shaorálaíochta don óige A CHUR CHUN CINN lena ndírítear ar chabhrú le daoine scothaosta cúraimí laethúla a dhéanamh, agus ar an gcaoi sin cultúr cúraim agus freagrachta a chothú.

55. TACÚ le tionscnaimh phobail chun feasacht a chur chun cinn i measc daoine óga maidir leis na buntáistí a bhaineann le cúnamh a thabhairt do dhaoine scothaosta scileanna digiteacha a shealbhú, agus ar an gcaoi sin cuidiú leis an mbearna san aois dhigiteach a dhúnadh agus an dlúthpháirtíocht idir na glúine a chur chun cinn, chun tairbhe do chách.

56. NA DEISEANNA a chuirtear ar fáil leis an raon ionstraimí maoinithe agus tacaíochta teicniúla atá ar fáil ar leibhéal an Aontais A THAPÚ chun na freagairtí beartais agus infheistíochta is gá a cheapadh chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar dhúshláin dhéimeagrafacha, lena n-áirítear oideachas agus cúram luath-óige agus seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh atá inrochtana, inacmhainne agus ar ardchaighdeán a chur ar fáil, agus a áirithiú ag an am céanna go gcuirfear na freagairtí sin in oiriúint do dhálaí sonracha réigiúnacha nó áitiúla agus go gcruthófar dálaí le haghaidh rannpháirtíocht ghníomhach údarás réigiúnach agus áitiúil agus páirtithe leasmhara eile, lena n-áirítear trí ghníomhaíochtaí piarfhoghlama.

**IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN EORPACH AGUS AR NA BALLSTÁIT, I gCOMHRÉIR LENA nINNIÚLACHTAÍ FAOI SEACH, AGUS AIRD Á TABHAIRT ACU AR RÓL AGUS AR NEAMHSPLEÁCHAS NA gCOMHPHÁIRTITHE SÓISIALTA, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:**

57. Comhar A ÉASCÚ idir lucht ceaptha beartas, údaráis réigiúnacha agus áitiúla, fostóirí, na comhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta chun comhroinnt eolais a éascú maidir le cothromaíocht oibre is saoil agus comhroinnt chothrom na bhfreagrachtaí cúraim idir mná agus fir mar spreagadh don chomhionannas inscne agus do neamhspleáchas eacnamaíoch na mban i gcomhthéacs na ndúshlán déimeagrafach.

58. FEASACHT A MHÚSCAILT ar fud na sochaí agus i measc na bpáirtithe leasmhara ábhartha uile, lena n-áirítear fostóirí agus lucht ceaptha beartas, faoin aoiseachas, faoi na hiarmhairtí a bhaineann leis do dhaoine aonair agus don tsochaí i gcoitinne, agus faoin ngá atá ann dul i ngleic leis agus faoi na féidearthachtaí atá ann chun dul i ngleic leis.

59. LEANÚINT de na comhpháirtithe sóisialta Eorpacha a spreagadh agus tacú leo chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna maidir le cothromaíocht oibre is saoil ina gcoistí trastionscail agus earnála um idirphlé sóisialta.

60. FEABHAS A SPREAGADH maidir le deiseanna fostaíochta agus dreasachtaí, chomh maith le dálaí oibre, do dhaoine scothaosta, a rannpháirtíocht sa tsochaí a chothú agus feasacht a mhúscailt maidir lena n-acmhainneacht agus maidir leis an méid a dhéanann siad, agus ar an gcaoi sin aitheantas a thabhairt dóibh mar shócmhainn don tsochaí. NEARTÚ A DHÉANAMH AR an ról atá ag daoine scothaosta maidir le meantóireacht a neartú, eolas a chomhroinnt agus rannchuidiú le naisc shóisialta a choinneáil. BEARTA A DHÉANAMH chun uaigneas A LAGHDÚ i measc daoine scothaosta agus TACÚ le hiarrachtaí chun sláinte mheabhrach agus fhisiciúil a fheabhsú.

61. Comhroinnt chomhionann na hoibre cúraim gan íocaíocht agus na bhfreagrachtaí tí idir mná agus fir A CHUR CHUN CINN agus LEANÚINT de bhearta a dhéanamh, lena n-áirítear dea-chleachtas a mhalartú, chun rannpháirtíocht aithreacha, páirtithe agus cúramóirí neamhfhoirmiúla fireanna i gcúram leanaí a mhéadú, lena n-áirítear trí shaoire do thuismitheoirí a úsáid, rud a rachaidh chun tairbhe aithreacha agus leanaí araon, chomh maith lena rannpháirtíocht mhéadaithe i gcúram fadtéarmach, d'fhonn obair ar íocaíocht agus obair chúraim gan íocaíocht a chomhroinnt go cothrom idir mná agus fir, agus ar an gcaoi sin comhionannas inscne a chur chun cinn agus rochtain na mban ar mhargadh an tsaothair a éascú chomh maith lena ndul chun cinn gairme agus lena neamhspleáchas eacnamaíoch.

62. Príomhshruthú inscne A CHUR CHUN CINN i gceapadh, i gcur chun feidhme agus i meastóireacht na mbeart arna nglacadh chun cothromaíocht oibre is saoil a neartú do chách agus chun dul i ngleic le dúshláin dhéimeagrafacha.

**IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN EORPACH AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:**

63. FEASACHT A MHÚSCAILT i measc fostóirí agus oibrithe faoi na cearta atá bunaithe ar reachtaíocht ábhartha an Aontais chun bearta a iarraidh lena n-urramaítear riachtanais daoine aonair, mar shampla saoire aonair, neamh-inaistrithe do thuismitheoirí agus socruithe solúbtha oibre chomh maith leis an gcosaint dhlíthiúil ar dhífhostú agus ar idirdhealú, agus faoi chearta fostaíochta maidir leis na dálaí oibre céanna a sholáthar nó aon fheabhas ar dhálaí oibre agus ar phá agus iad ag filleadh ó shaoire mháithreachais agus atharthachta agus ó shaoire thuismitheoireachta. Chun na críche sin, feabhas A SPREAGADH maidir le bailiú sonraí atá imdhealaithe de réir gnéis chun tomhas leordhóthanach a dhéanamh ar chumhdach éifeachtach na mbeart cosanta maidir le saoire mháithreachais, saoire atharthachta agus saoire thuismitheoireachta, chomh maith le bearta a bhaineann le socruithe solúbtha oibre, agus a dtorthaí.

64. TACÚ le taighde, agus peirspictíocht conaire saoil á glacadh, chun scrúdú a dhéanamh ar riachtanais daoine aonair i staideanna éagsúla saoil a bhaineann le cothromaíocht oibre is saoil, lena n-áirítear mianta teaghlaigh agus obair ar íocaíocht a thabhairt chun réitigh, bunaithe ar Bhosca Uirlisí Déimeagrafach an Choimisiúin.

65. Malartú dea-chleachtais A CHUR CHUN CINN chun comhroinnt chothrom na bhfreagrachtaí maidir le cúram leanaí agus cúram neamhfhoirmiúil idir mná agus fir a spreagadh, chun an t-ualach sóisialta agus airgeadais a bhíonn ar chúramóirí ar mná iad go díréireach a mhaolú agus chun a neamhthuilleamaíocht eacnamaíoch a neartú, lena n-áirítear maidir le cúnamh a thabhairt do thuismitheoirí aonair (ar máithreacha aonair iad den chuid is mó) chun freagrachtaí cúraim agus obair a chomhcheangal.

66. ATHDHAINGNÍONN sí tiomantas an Choimisiúin Eorpaigh cearta agus leasanna daoine scothaosta, agus aird á tabhairt, go háirithe, ar riachtanais na mban scothaosta agus na ndaoine scothaosta sin atá faoi mhíchumas, agus cur chuige trasnach á chur i bhfeidhm ag an am céanna, lena n-áirítear trí fhad saoil sláintiúil a chur chun cinn trí thionscnaimh agus trí chláir i ngach réimse beartais ábhartha, agus gné an chomhionannais inscne agus an dlúthpháirtíocht idir na glúine á gcur san áireamh.

67. LEANÚINT de thacaíocht a thabhairt do bheartais ar leibhéal an Aontais chun mianta teaghlaigh agus obair ar íocaíocht a thabhairt chun réitigh ar bhealach níos fearr, go háirithe trí chothromaíocht oibre is saoil agus rochtain ar oideachas agus cúram luath-óige ar ardchaighdeán a áirithiú, d'fhonn comhionannas inscne a chothú, ar mhaithe leis na glúnta óga agus glúnta níos sine a chumhachtú agus ar mhaithe le torthaí dearfacha do leanaí chomh maith, go háirithe mar bhealach chun iomaíochas a fheabhsú, mar a fhoráiltear i mBosca Uirlisí Déimeagrafach an Choimisiúin.

68. Príomhshruthú breithnithe déimeagrafacha A ÉASCÚ agus gné na hinscne a chur i bhfeidhm agus tograí beartais ábhartha á gceapadh agus, i gcás inarb iomchuí, MEASÚNÚ a dhéanamh ar a dtionchar ar dhul i ngleic le dúshláin dhéimeagrafacha, mar shampla aosú an daonra, an laghdú atá ag teacht ar an daonra in aois oibre agus an deighilt mhéadaitheach idir ceantair uirbeacha agus thuaithe.

## Tagairtí

**Dlí príomha an Aontais**

An Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, IO C 326/47, 26.10.2012, lch 47.

An leagan comhdhlúite den Chonradh ar an Aontas Eorpach, *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, C 326/13, 26.10.2012, lch 13.

An Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, *Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach* IO C 303, 14.12.2007, lch 1.

Treoir 2019/1158 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le cothromaíocht oibre is saoil do thuismitheoirí agus do chúramóirí agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/18/AE ón gComhairle, *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, IO L 188, 12.7. 2019, lch 79.

**Comhairle an Aontais Eorpaigh**

An Comhaontú Eorpach um Chomhionannas Inscne (2011-2020), (7370/11)

Conclúidí ón gComhairle maidir leis an saol oibre agus saol an teaghlaigh a thabhairt chun réitigh i gcomhthéacs an athraithe dhéimeagrafaigh. (10324/11)

Conclúidí ón gComhairle maidir le Dúshláin Dhéimeagrafacha – an Bealach Chun Cinn (8668/20)

Conclúidí ón gComhairle maidir leis an mBearna Phá idir na hInscní a Ghleic: Obair Ar Íocaíocht agus Obair Chúraim Gan Íocaíocht a Luacháil agus a Dháileadh (2020) (13584/20)

https://www.consilium.europa.eu/media/47063/st13584-en20.pdf

Conclúidí ón gComhairle maidir leis an athrú déimeagrafach a bhainistiú san Eoraip (16754/23)

Conclúidí ón gComhairle maidir le haistriú córas cúraim ar feadh an tsaoil i dtreo samhlacha tacaíochta iomlánaíocha, duinelárnaithe agus pobalbhunaithe a bhfuil gné na hinscne ag baint leo (16094/1/23 REV 1)

https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-16094-2023-REV-1/ga/pdf

Moladh ón gComhairle an 8 Nollaig 2022 maidir le hoideachas agus cúram na luath-óige: spriocanna Barcelona do 2030 (2022/C 484/01)

Moladh ón gComhairle an 8 Nollaig 2022 maidir le rochtain ar chúram fadtéarmach ardchaighdeáin inacmhainne (2022/C 476/01)

**Leibhéal idirinstitiúideach an Aontais**

Colún Eorpach na gCeart Sóisialta

**An Coimisiún Eorpach**

Plean Gníomhaíochta um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, 2021: https://op.europa.eu/webpub/empl/european-pillar-of-social-rights/en/

Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: An t-athrú déimeagrafach san Eoraip: bosca uirlisí le haghaidh gníomhaíochta, COM/2023/577 final, an Bhruiséil, 11.10.2023.

Ard-Stiúrthóireacht na Fostaíochta, na nGnóthaí Sóisialta agus na gComhdheiseanna: *Jumping the Generation gap. How the EU promotes intergenerational solidarity* [An bhearna idir na glúine a dhruidim. An chaoi a chuireann an tAontas Eorpach dlúthpháirtíocht idir na glúine chun cinn] 2009, https://www.europeansources.info/record/jumping-the-generation-gap-how-the-eu-promotes-intergenerational-solidarity/

*Caring for children in Europe: How childcare, parental leave and flexible working arrangements interact in Europe* [Ag tabhairt aire do leanaí san Eoraip: An chaoi a n-idirghníomhaíonn cúram leanaí, saoire tuismitheora agus socruithe solúbtha oibre san Eoraip], 2014:https://www.researchgate.net/publication/345022022_Caring_for_children_in_Europe_How_childcare_parental_leave_and_flexible_working_arrangements_interact_in_Europe

*Harnessing Talent Platform – A new boost for EU Regions* [Ardán um an tallann a chur chun tairbhe – borradh nua faoi Réigiúin an Aontais]: https://ec.europa.eu/regional_policy/policy/communities-and-networks/harnessing-talent-platform_en

*Knowledge Centre on Migration and Demography (KCMD) Data Portal - Long-term care (LTC)* [Tairseach Sonraí an Lárionaid Eolais um an Imirce agus an Déimeagrafaíocht - Cúram Fadtéarmach], https://migration-demography-tools.jrc.ec.europa.eu/atlas-demography/stories/AoD/2/S3.8

An Coimisiún Eorpach – Eurostat: *Active ageing and solidarity between generations - A statistical portrait of the European Union 2012, 2011* [Aosú gníomhach agus dlúthpháirtíocht idirghlúine - Léiriú staidrimh den Aontas Eorpach 2012, 2011], https://ec.europa.eu/eurostat/documents/3217494/5740649/KS-EP-11-001-EN.PDF/1f0b25f8-3c86-4f40-9376-c737b54c5fcf

Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin: *The impact of demographic change – in a changing environment* [Tionchar an athraithe dhéimeagrafaigh – i dtimpeallacht atá ag athrú]. An Bhruiséil, 17.1.2023, SWD(2023) 21 final.

*Green Paper on Ageing – Fostering solidarity and responsibility between generations, 2021* [Páipéar Uaine maidir le haosú – dlúthpháirtíocht agus freagracht a chothú idir na glúine, 2021], https://commission.europa.eu/system/files/2021-06/green_paper_ageing_2021_en.pdf lch. 4.

**Coiste Eorpach na Réigiún**

Tuairim maidir le Bosca Uirlisí Déimeagrafach an Choimisiúin (CDR-1173-2024), https://cor.europa.eu/ga/our-work/opinions/cdr-1173-2024

**Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa**

Straitéis Cúraim na hEorpa (SOC/741), https://www.eesc.europa.eu/ga/our-work/opinions-information-reports/opinions/european-care-strategy

Cothromaíocht oibre is saoil atá bunaithe ar riachtanais a áirithiú do chách: conas is féidir le dálaí oibre solúbtha leordhóthanacha tacú leis an dlúthpháirtíocht idir na glúine agus le cumhachtú na mban (SOC/808)

**Eurofound**

*Striking a balance: Reconciling work and life in the EU*. [Cothromaíocht a bhaint amach: An obair agus an saol a thabhairt chun réitigh san Aontas.] Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2018, https://www.eurofound.europa.eu/en/publications/2018/striking-balance-reconciling-work-and-life-eu

**Eurostat**

*Part-time employment as percentage of the total employment, by sex and age (%)* [Fostaíocht pháirtaimseartha mar chéatadán den fhostaíocht iomlán, de réir inscne agus aoise (%)], 2022.

*Main reason for part-time employment - Distributions by sex and age (%)* [An phríomhchúis le fostaíocht pháirtaimseartha – Dáileadh de réir inscne agus aoise (%), 2022].

**An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne**

*Gender inequalities in care and consequences for the labour market* [Éagothroime inscne sa chúram agus na hiarmhairtí ar an margadh saothair], https://eige.europa.eu/publications-resources/publications/gender-inequalities-care-and-consequences-labour-market

AN INSTITIÚID EORPACH UM CHOMHIONANNAS INSCNE: *A Better Work–Life Balance: Bridging the gender care gap, 2023* [Cothromaíocht oibre is saoil níos fearr: dul i ngleic leis an mbearna chúraim idir na hinscní, 2023], https://eige.europa.eu/publications-resources/publications/better-work-life-balance-bridging-gender-care-gap?language_content_entity=en

*Survey of gender gaps in unpaid care, individual and social activities, 2022* [Suirbhé ar bhearnaí idir na hinscní i gcúraim gan íocaíocht, i ngníomhaíochtaí aonair agus sóisialta, 2022].

Sonraí ón Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne bunaithe ar mhicreashonraí EU-SILC 2022

**Na Náisiúin Aontaithe**

Dearbhú Bhéising agus Clár Oibre Gníomhaíocht

An Coinbhinsiún maidir le gach cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú

An Coinbhinsiún maidir le gach cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú, Rún 34/180 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, an 18 Nollaig 1979.

An Coinbhinsiún um Chearta an Linbh, Rún 44/25 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, an 20 Samhain 1989.

**Coinbhinsiún ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UN CRPD)**

*Preparations for and observance of the 30th anniversary of the International Year of the Family*: Tuarascáil ón Ardrúnaí, 2022, https://digitallibrary.un.org/record/3998339?v=pdf

Bileog eolais maidir le saincheisteanna idir na glúine, UNDESA: https://www.un.org/development/desa/youth/intergenerational-issues-factsheet.html

Clár Forbartha na Náisiún Aontaithe, *Goal 5* : https://www.undp.org/sustainable-development-goals/gender-equality

*The growing need for long-term care. Assumptions and realities*. UNDESA: https://www.un.org/esa/socdev/ageing/documents/un-ageing_briefing-paper_Long-term-care.pdf

*Caregiving in an ageing world*. Achoimre ar Bheartas UNDESA , Uimh. 143, 2022, https://www.un.org/development/desa/dpad/wp-content/uploads/sites/45/publication/PB_143.pdf

*Advancing intergenerational solidarity*. Achoimre ar Bheartas, Uimh. 8, 2010, CEE-NA: https://unece.org/DAM/pau/_docs/age/2010/Policy-Briefs/8-Policy-brief_AIS.pdf

*Intergenerational Family Relationships in Ageing Societies*, 2010, CEE-NA: https://unece.org/DAM/pau/_docs/age/2010/Intergenerational-Relationships/ECE-WG.1-11.pdf

*Long-term care for older people. A new global gender priority.* Achoimre ar Bheartas, Uimh. 9, *UN Women*: https://www.unwomen.org/sites/default/files/Headquarters/Attachments/Sections/Library/Publications/2017/UN-Women-Policy-Brief-09-Long-term-care-for-older-people-en.pdf

**An Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair**

*Maternity protection in the context of work-life reconciliation for men and women, United Nations Development Programme*, 2011 https://www.ilo.org/wcmsp5/groups/public/---europe/---ro-geneva/---sro-moscow/documents/genericdocument/wcms_306489.pdf

*Encyclopaedia of Occupational Health and Safety, Employee Assistance Programmes, Work and Family Issues: A Case in Point,* https://www.iloencyclopaedia.org/part-ii-44366/health-protection-a-promotion/item/151-employee-assistance-programmes

**An Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip**

*How can we do better for our families? Issues, Outcomes, Policy Objectives and Recommendations*. Foilsitheoireacht ECFE, 2011, https://www.oecd.org/espanol/noticias/47707176.pdf

*Walking the tightrope: Background brief on parents' work-life balance across the stages of childhood*, Nollaig 2016. https://www.researchgate.net/publication/312126058_Walking_the_tightrope_Background_brief_on_parents'_work-life_balance_across_the_stages_of_childhood

*Walking the tightrope: avoiding a lockdown while containing the virus*, an 30 Samhain 2020. https://www.oecd.org/en/publications/walking-the-tightrope-avoiding-a-lockdown-while-containing-the-virus_1b912d4a-en.html

*Health at a Glance*, 2021, https://www.oecd-ilibrary.org/sites/ae3016b9-en/1/2/1/index.html?itemId=/content/publication/ae3016b9-en&_csp_=ca413da5d44587bc56446341952c275e&itemIGO=oecd&itemContentType=book

**Eile**

Ríomh-Ardán don Fhoghlaim Aosach san Eoraip (EPALE): *The Benefits of Intergenerational Relationships* [Na Buntáistí a bhaineann le Caidrimh Idir na Glúine] , https://epale.ec.europa.eu/en/content/benefits-intergenerational-relationships

An Roinn Beartais um an mBeartas Eacnamaíochta, um an mBeartas Eolaíochta agus um Beartas Cháilíocht na Beatha, an Ard-Stiúrthóireacht um Beartais Inmheánacha, an tAontas Eorpach (HOFMAN, Joanna - NIGHTINGALE, Madeline - BRUCKMAYER, Michaela - SILVA, Annemari - PICKEN, Natalie – KUNERTOVA, Linda): *After parental leave: Incentives for parents with young children to return to the labour market* [Tar éis saoire tuismitheora: Dreasachtaí do thuismitheoirí a bhfuil leanaí óga acu filleadh ar an margadh saothair], 2020.

ROCARD, Eileen - LLENA-NOZAL, Ana: *Supporting informal carers of older people: Policies to leave no carer behind. OECD Health Working Papers No. 140, 2022,* https://www.oecd-ilibrary.org/docserver/0f0c0d52-en.pdf?expires=1709719622&id=id&accname=guest&checksum=039AF1EB961911A1F6C6387B61A6424C